

TADHG NA BUILE

Sé sin Tadhg O Flaithbearta a bhí ina chomnuidhe 'san Áird in aice le Carna.

SGÉUL 1.

Ní raibh aon chriathrach mona 'sa domhan mar san Áird ní thiúrfhadh Tadhg cead dho aon dhuine fod dhe bhaint agus ní bhainfheadh sé fhéin aon fhod dhe – shoir i gCura na hÁirde Móire a bhainfheadh sé a chuid móna agus thugadh sé siar abhaile le bád í. Nuair a thiocfhadh a Geimreadh sé an áit ag cuirfheadh sé an bád shoir 'sa gcrumpán atá ag droichead Choill Sáile agus bhíodh daoine a tabhairt aire dhi aige.

Bhí máighistreach aige ar a taobh tíre ar fad chomh fada is bhí a bhealach ag imteacht agus chaithfheadh chuile dhuine rud a bith a dearfadh Tadhg leis a deanamh.

Bhí daoine mar bheadh saighdiúir aige freisin. Duine a bith ansoin a bheadh go maith as, a mbeadh beithidhigh ná rud a bith mar sin aige thiúbhrfadh sé uaidh iad, ní thiúbhrfadh sé uaidh ar fad iad ar ndoigh ach thiubharfadh sé leis an meid a theastochaidh uaidh fhéin faoi lathair. Bhí fear ansoin a bhí imtighe ina mháirnealach fear a toigeadh'san Áird a b'sheadh é. Bhí an fear seo i soicheach a gabhail siar Druim an lomaire agus chuala sé an mhuim a d'éil é a caoineadh'san Áird. Chuir sé ialach an soitheach a thabhairt ar a mBeirteach Bhuidhe.

Cuireadh amach le bád fada i Litir Árd é agus shiubhail sé dho'n Áird as sin go dtáinig sé isteach aici d'aithne sí é. "Dá dtiocfheá chomh fada liom-sa tá seachmain ochain" adeir sí "d'feadfainn caoi mhaith a chur ort ach thug Tadhg na Buile croca mór ime a bhí a'm uaim agus bó a bhí a'm thug sé leis freisin í arú indé." "O bhí fhios a'm go raibh rud eicint ort" adeir sé mar chuala mé do chaoineachán ach mheas tú a bhfeudhfainn deanamh suas leis a' gailín atá ann." "Níl fhios a'm" adeir sí. "Beidh sé le feuchaint a'm anocht" adeir seisean. "níl mise a gabhail a tabhairt aon triail dhó. Má fheudaim bealach a'bith fhaghailt air anocht fagfaidh mé réidh é.

An oidhche sin nuair a bhí leath na hoidhche caite tháinig sé ag doras Thadhg na Buile agus bhuail sé é. D'eirigh an cailín agus d'fiarruigh sí cé bhí ann. D'innis sé di. "Cá bhfuil Tadhg na Buile ina chodhladh" adeir sé. "Sa leabaidh chaol shuas i mbarr an chaisleáin" adeir sí "A dtiubhrfadh tú na h-eocreacha dhom" adeir sé. "Is maith liom thú'ga niarraidh orm"adeir sí Chuaigh sé suas i mbarr an tighe agus marbuigh sé Tadhg le sgian. D'itimigh leis ansoin go ndeachaidh sé go dtí an soitheach agus bhí Tadhg marbh la'r na mhaireach agus gan fios cé mharbhuigh é agus ní raibh acab ansoin ach é chur.

10/1/31.

Tadhg Na Buile.

SGÉAL 2.

Faoi Dheanamh an Chaisleáin.

Nuair a bhí Tadhg na Buile a deanamh a chaisleáin tháinig fear óg isteach i dteach 'san Áird agus bhí sean fhear istigh roimhe. D'fiarruigh ansean fhear dhe ché'n chaoi a raibh an caisleán a gabhail ar aghaidh agus cé'n chaoi a raibh sé leaguighthe amach. "Tá" adeir an fear óg "Oileán dhe ar aghaidh Cill Chruaidh na Cara, agus Oileán ar aghaidh Cill Mhuighinse agus Oileán ar aghaidh Cill Chiaráin agus Oileán ar aghaidh Cill Mhuighros". " Ni ghabhfaidh Tadhg a bhfad mar sin go gcailltear é adeir an sean fhear.